Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0073(COD)

30.6.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu
(COM(2025)0140 – C10-0060/2025 – 2025/0073(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Liesbet Sommen

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRAFT EUROPEAN PARLIAMENT LEGISLATIVE RESOLUTION 5

EXPLANATORY STATEMENT 19

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT 21

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/691 a mhéid a bhaineann le tacaíocht d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu
(COM(2025)0140 – C10-0060/2025 – 2025/0073(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0140),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0060/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, , ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/.../oj/ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[2] IO C, , ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/.../oj/ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá tábhacht ar leith fós ag baint le ról CED mar ionstraim sholúbtha a thacaíonn le hoibrithe a chailleann a bpost de bharr teagmhais athstruchtúrúcháin mhórscála agus a chuidíonn leo post eile a fháil a luaithe is féidir. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht shonrach aonuaire d'oibrithe iomarcacha chun ath-imeascadh i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a éascú i limistéir, in earnálacha, i gcríocha nó i margaí saothair atá buailte ag mórshuaitheadh eacnamaíoch. Ní mór don Aontas a rathúnas agus a iomaíochas inbhuanaithe a áirithiú agus, san am céanna, a gheilleagar sóisialta margaidh uathúil a chaomhnú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme go rathúil, agus a dhaonlathas, a shlándáil eacnamaíoch agus a sheasamh geopholaitiúil a chosaint. Chun todhchaí an Aontais mar mhórchumhacht eacnamaíoch a chosaint, agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, tá sé ríthábhachtach tacú le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu ionas gur féidir leo na scileanna a fháil a chabhródh leo aistriú chuig ról difriúil nó post a athrú.	(6) Tá tábhacht ar leith fós ag baint le ról CED mar ionstraim sholúbtha a thacaíonn le hoibrithe a chailleann a bpost de bharr teagmhais athstruchtúrúcháin mhórscála agus a chuidíonn leo post eile a fháil a luaithe is féidir. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht shonrach aonuaire d'oibrithe iomarcacha chun ath-imeascadh i bhfostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a éascú i limistéir, in earnálacha, i gcríocha nó i margaí saothair atá buailte ag mórshuaitheadh eacnamaíoch. Ní mór don Aontas a rathúnas inbhuanaithe***, a uathriail straitéiseach*** agus a iomaíochas inbhuanaithe a áirithiú agus, san am céanna, a gheilleagar sóisialta margaidh uathúil a chaomhnú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme go rathúil, agus a dhaonlathas, a shlándáil eacnamaíoch agus a sheasamh geopholaitiúil a chosaint. ***Beidh an t-athrú ar shamhlacha táirgthe a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas araon fite fuaite le próisis athstruchtúrúcháin, rud a d'fhéadfadh a bheith fíor-riachtanach chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus cobhsaíocht fhadtéarmach fostaíochta cuideachta a áirithiú, agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas an Aontais a neartú agus poist a shábháil ag an am céanna.*** Chun todhchaí an Aontais mar mhórchumhacht eacnamaíoch a chosaint, agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, tá sé ríthábhachtach tacú le hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu ionas gur féidir leo na scileanna a fháil a chabhródh leo aistriú chuig ról difriúil nó post a athrú. ***Má***

dhéantar difear do ghníomhaíochtaí sholáthróirí díreacha nó úsáideoirí iartheachtacha na bhfiontar de bharr an phróisis athstruchtúrúcháin sin, ba cheart oibrithe atá fostaithe ag na cuideachtaí sin a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta freisin. Sna cásanna sin sin, ba cheart do na cuideachtaí sin cruthúnas a sholáthar gur ann do nasc cúisíoch léirithe leis an bpróiseas athstruchtúrúcháin tosaigh.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Dá bhrí sin, is gá Rialachán (AE) 2021/691 a leasú ionas gur féidir le CED cúnamh a thabhairt freisin d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu. Ós rud é go bhfuil na hoibrithe sin fós i bhfostaíocht ghníomhach, féadfaidh a bhfostóir cúnamh a iarraidh trí údaráis ábhartha na mBallstát. Ós rud é go bhfuil CED faoi bhainistíocht chomhroinnte, is iad údaráis na mBallstát is féidir comhchistiú CED a iarraidh, ar iarraidh a fháil ó fhiontar, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an fiontar an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar. I gcás ina ndeonófaí an ranníocaíocht airgeadais ó CED, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na cistí a iarradh a chur ar fáil don fhiontar laistigh de 2 sheachtain tar éis iad a fháil. Go sonrach, ba cheart don fhiontar an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil don Bhallstát chun an tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais ábhartha, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh chur chun feidhme an chúnaimh. Ullmhóidh an Coimisiún suirbhé ar na tairbhithe agus ba cheart don fhiontar	(7) Dá bhrí sin, is gá Rialachán (AE) 2021/691 a leasú ionas gur féidir le CED cúnamh a thabhairt freisin d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, ***lena n-áirítear a soláthróirí nó a n-úsáideoirí iartheachtacha. Chun caiteachas éifeachtúil CED a áirithiú, níor cheart tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu ach amháin má thacaíonn an próiseas sin leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.*** Ós rud é go bhfuil na hoibrithe sin fós i bhfostaíocht ghníomhach, féadfaidh a bhfostóir cúnamh a iarraidh trí údaráis ábhartha na mBallstát. ***I gcás ina ndéantar difear do chuideachtaí iomadúla de bharr an phróisis athstruchtúrúcháin, ba cheart go gceadódh an Ballstát, ar bhonn eisceachtúil, go bhféadfar iarratais chomhchoiteanna a chur isteach.*** Ós rud é go bhfuil CED faoi bhainistíocht chomhroinnte, is iad údaráis na mBallstát is féidir comhchistiú CED a iarraidh, ar iarraidh a fháil ó fhiontar, ar choinníoll go gcomhaontaíonn an fiontar an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar. I gcás ina ndeonófaí

rochtain ar an suirbhé a roinnt leis na hoibrithe a ghlac páirt sa chlár.	an ranníocaíocht airgeadais ón CED, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na cistí a iarradh a chur ar fáil don fhiontar ***a luaithe is féidir agus in aon chás*** laistigh de 2 sheachtain tar éis iad a fháil. Go sonrach, ba cheart don fhiontar an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil don Bhallstát chun an tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta airgeadais ábhartha, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh chur chun feidhme an chúnaimh. Ullmhóidh an Coimisiún suirbhé ar na tairbhithe agus ba cheart don fhiontar rochtain ar an suirbhé a roinnt leis na hoibrithe a ghlac páirt sa chlár.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Ós rud é go bhfuil oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh fós i bhfostaíocht ghníomhach, ní mór oibrithe a bheith curtha ar an eolas le linn an phróisis athstruchtúrúcháin. Dá bhrí sin, ní mór do chuideachtaí an dlí náisiúnta atá ann cheana maidir le hidirphlé sóisialta, cómhargáil agus rannpháirtíocht na gceardchumann a chomhlíonadh le linn an phróisis athstruchtúrúcháin i gcoitinne agus le linn chur chun feidhme na bpacáistí spriocdhírithe arna gcistiú le tacaíocht CED.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart na cineálacha tacaíochta atá ar fáil faoi bhearta náisiúnta cheana ***a chur san áireamh*** sa tacaíocht a thugtar d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu. Níor cheart socruithe maidir le hobair ghearr-ama a bheith incháilithe do thacaíocht CED toisc nach mbaineann siad le hiomarcaíocht, ach toisc go mbaineann siad le poist a chur ar fionraí go sealadach. Má cheadaítear é leis na bearta náisiúnta, féadfaidh an fiontar iarrthach seachadadh an phacáiste chomhordaithe de bhearta pearsantaithe, nó codanna de, a ligean ar fochonradh.	(9) Ba cheart an tacaíocht, a thugtar d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, na cineálacha tacaíochta atá ar fáil cheana faoi bhearta náisiúnta ***a fhorlíonadh agus tacú leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas trí oibrithe a athsciliú agus uas-sciliú agus tríd an méid sin a dhéanamh, cruthú post ardcháilíochta agus dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú***. Níor cheart socruithe maidir le hobair ghearr-ama a bheith incháilithe do thacaíocht CED toisc nach mbaineann siad le hiomarcaíocht, ach toisc go mbaineann siad le poist a chur ar fionraí go sealadach. Má cheadaítear é leis na bearta náisiúnta, féadfaidh an fiontar iarrthach seachadadh an phacáiste chomhordaithe de bhearta pearsantaithe, nó codanna de, a ligean ar fochonradh. Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) An ráta cómhaoinithe maidir le bearta den sórt sin atá dírithe ar oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, ba cheart an ráta sin a bheith cothrom leis an ráta cómhaoinithe maidir le cúnamh CED d'oibrithe iomarcacha. Na fiontair a iarrann tacaíocht CED, ba cheart dóibh an cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar.	(10) An ráta cómhaoinithe maidir le bearta den sórt sin atá dírithe ar oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, ba cheart an ráta sin a bheith cothrom leis an ráta cómhaoinithe maidir le cúnamh CED d'oibrithe iomarcacha. ***Más infheidhme, ba cheart do sholáthróirí nó d'úsáideoirí iartheachtacha a áirítear in iarratais chomhchoiteanna an cómhaoiniú lena gcumhdaítear an tacaíocht dá n-oibrithe féin a sholáthar.*** Na fiontair a iarrann tacaíocht CED, ba cheart dóibh an

cómhaoiniú náisiúnta a sholáthar.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Úsáidtear an CED reatha go rialta i roinnt Ballstát, cé gurbh íseal an glacadh leis i mBallstáit eile roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart feachtais faisnéise a eagrú sna Ballstáit sin chun feasacht a mhúscailt maidir le hinfhaighteacht CED. Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit trí threoir theicniúil a chur ar fáil agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcomhréir le hAirteagal 4, le CED, cuirfear tacaíocht ar fáil d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht le linn mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu;	2. I gcomhréir le hAirteagal 4, le CED, cuirfear tacaíocht ar fáil d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht le linn mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus d'oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu***, lena n-áirítear a soláthróirí díreacha nó a n-úsáideoirí iartheachtacha, ar choinníoll gur comhlíonadh na hoibleagáidí náisiúnta faoi Threoir 98/59/CE sular cuireadh isteach an t-iarratas ar CED agus go gcuireann an próiseas athstruchtúrúcháin leis an aistriú digiteach agus leis an***

aistriú glas;

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Le CED, tacófar le claochluithe socheacnamaíocha a eascraíonn as an domhandú agus as athruithe teicneolaíocha agus comhshaoil trí chuidiú le hoibrithe iomarcacha agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht oiriúnú d'athruithe struchtúrtha. Ciste éigeandála a bheidh in CED. Dá réir sin, le CED, rannchuideofar le cur chun feidhme na bprionsabal a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ***cuirfear*** feabhas ar an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch i measc réigiún agus Ballstát.	1. Le CED, tacófar le claochluithe socheacnamaíocha a eascraíonn as an domhandú agus as athruithe teicneolaíocha agus comhshaoil trí chuidiú le hoibrithe iomarcacha agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht oiriúnú d'athruithe struchtúrtha. Tacóidh CED ***freisin le hoibrithe nó le daoine féinfhostaithe atá i mbaol iomarcaíocht atá ar tí tarlú.*** Ciste éigeandála ***a bheidh in CED***. Dá réir sin, le CED, rannchuideofar le cur chun feidhme na bprionsabal a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, ***cuirfear fostaíocht inbhuanaithe chun cinn*** agus cuirfear feabhas ar an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch i measc réigiún agus Ballstát.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 4 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ar a laghad 200 oibrí a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh ***i*** bhfiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air i mBallstát;	(d) 200 oibrí ar a laghad a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh ***mar thoradh ar fhiontar*** a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air i mBallstát, ***lena n-áirítear oibrithe a ndéantar difear dóibh i soláthróirí nó in úsáideoirí***

iartheachtacha na bhfiontar;

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air. Beidh na hoibrithe fós incháilithe fiú i gcás ina gcuirfear deireadh iarbhír leis an gcaidreamh oibre. Ní bheidh ach na teagmhais athstruchtúrúcháin sin incháilithe mar iomarcaíochtaí comhchoiteanna faoi Threoir 98/59/CE;	(c) oibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh i bhfiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh air***, lena n-áirítear a soláthróirí díreacha nó a n-úsáideoirí iartheachtacha.*** Beidh na hoibrithe fós incháilithe fiú i gcás ina gcuirfear ***deireadh iarbhír leis an gcaidreamh oibre***. ***Ní dhéanfar oibrithe a fuair tacaíocht ón CED le linn fostaíochta a eisiamh ó thacaíocht bhreise a fháil tar éis deireadh a bheith curtha*** leis an gcaidreamh oibre. Ní bheidh ach na teagmhais athstruchtúrúcháin sin incháilithe mar iomarcaíochtaí comhchoiteanna faoi Threoir 98/59/CE;

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfar ranníocaíocht airgeadais ó CED a dhéanamh le haghaidh bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair atá ina gcuid de phacáiste comhordaithe, atá ceaptha chun ath-imeascadh san fhostaíocht nó san fhéinfhostaíocht a éascú do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, go háirithe na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste ina	1. Féadfar ranníocaíocht airgeadais ón CED a dhéanamh le haghaidh bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair atá ina gcuid de phacáiste comhordaithe, atá ceaptha chun ath-imeascadh san fhostaíocht nó san fhéinfhostaíocht a éascú do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, go háirithe na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste ina

measc, nó chun cuidiú leis na hoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c) na scileanna a fháil a theastaíonn uathu chun aistriú chuig ról difriúil lena bhfostóir reatha nó chuig fostóir eile;	measc, nó chun cuidiú leis na hoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c) na scileanna a fháil a theastaíonn uathu chun aistriú chuig ról difriúil lena bhfostóir reatha nó chuig fostóir eile**,** ***laistigh dá gceantar dúchais más féidir***;
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) I gcás na dtairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), féadfar a áireamh sa phacáiste comhordaithe oiliúint agus athoiliúint atá saincheaptha do riachtanais an oibrí aonair, lena n-áirítear maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus scileanna eile a theastaíonn sa ré dhigiteach, deimhniú ar an eolas agus ar na scileanna a fuarthas, seirbhísí aonair cúnaimh i gcuardach poist agus gníomhaíochtaí grúpa spriocdhírithe, treoir ghairme, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht, cúnamh do shocrúchán oibre seachtrach, cur chun cinn na fiontraíochta agus gníomhaíochtaí comhair. Ní fhéadfar socruithe maidir le hobair ghearr-ama a áireamh ann;	(c) I gcás na dtairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), féadfar a bheith ar áireamh sa phacáiste comhordaithe oiliúint agus athoiliúint, ***lena bhforlíontar cineálacha tacaíochta atá ar fáil cheana faoi bhearta náisiúnta***, atá saincheaptha do riachtanais an oibrí aonair, lena n-áirítear maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus scileanna eile a theastaíonn sa ré dhigiteach, deimhniú ar an eolas agus ar na scileanna a fuarthas, seirbhísí aonair cúnaimh i gcuardach poist agus gníomhaíochtaí grúpa spriocdhírithe, treoir ghairme, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht, cúnamh do shocrúchán oibre seachtrach, cur chun cinn na fiontraíochta agus gníomhaíochtaí comhair. Ní fhéadfar socruithe maidir le hobair ghearr-ama a áireamh ann;
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b a (nua)
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) I mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:
	'Agus pacáistí comhordaithe á mbunú acu de bhun na míre seo, áiritheoidh fostóirí go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach sa phróiseas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, go háirithe trí riachtanais scileanna a shainiú, curaclaim oiliúna a chomhdhearadh, cáilíocht a bhailíochtú, agus trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme.
	Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Fiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, féadfaidh siad iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann iarratas a chur isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, má chomhlíontar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (d), ***agus*** más mian leis an bhfiontar cúnamh atá cómhaoinithe ag CED a thairiscint do na codanna sin dá lucht saothair a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 6, an chéad mhír, pointe (c). Cuirfidh an fiontar iarraidh den sórt sin isteach laistigh de 2 sheachtain ón dáta a thug sé fógra i scríbhinn do na húdaráis phoiblí faoi na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE.	1. Fiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, féadfaidh siad iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann iarratas a chur isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón CED, má chomhlíontar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (d), más mian leis an bhfiontar cúnamh atá cómhaoinithe ag CED a thairiscint do na codanna sin dá lucht saothair a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), ***agus tar éis dul i gcomhairle le hionadaithe na n-oibrithe.*** Cuirfidh an fiontar iarraidh den sórt sin isteach laistigh de 2 sheachtain ón dáta a thug sé fógra i scríbhinn do na húdaráis phoiblí faoi na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE.
	Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ainmneoidh na Ballstáit uile Pointe Iontrála Aonair ar féidir le fiontair iarrataí dá dtagraítear i mír 1 a dhíriú chuige, ***agus*** foilseoidh siad treoirlínte agus teimpléid ábhartha. San fhaisnéis a bhaileofar ó na teimpléid sin, cumhdófar an fhaisnéis ar fad is gá le haghaidh iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED mar a leagtar amach i mír 10 ***thíos***.	2. Ainmneoidh na Ballstáit uile Pointe Iontrála Aonair ar féidir le fiontair iarrataí dá dtagraítear i mír 1 a dhíriú chuige***. Más infheidhme, féadfar an Pointe Iontrála Aonair sin a bhunú sa chaoi is go gcuirfear i gcuntas deighilt náisiúnta na hinniúlachta. Foilseoidh an Coimisiún*** treoirlínte ábhartha agus teimpléid ***choiteanna i gcomhar leis na Ballstáit. Chun a áirithiú go sroichfidh an tacaíocht airgeadais na hoibrithe lena mbaineann, beidh treoir sna treoirlínte sin, inter alia, i leith na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.*** San fhaisnéis a bhaileofar ó na teimpléid sin, cumhdófar an fhaisnéis ar fad is gá le haghaidh iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ón CED mar a leagtar amach i mír ***10*** thíos.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Arna iarraidh sin don fhiontar, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann treoir don fhiontar le linn an nós imeachta um iarratas.	5. Arna iarraidh sin don fhiontar ***nó d'ionadaí na n-oibrithe***, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann treoir don fhiontar le linn an nós imeachta um iarratas.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach, soláthróidh an Coimisiún treoir don Bhallstát le linn an nós imeachta um iarratas.	6. Arna iarraidh sin don Bhallstát iarrthach, soláthróidh an Coimisiún treoir don Bhallstát le linn an nós imeachta iarratais, ***lena n-áirítear trí theimpléid láraithe agus treoir maidir le rialacha Státchabhrach a sholáthar.***

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8 a – mír 9 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach, cuirfidh an Coimisiún i gcrích a mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh ag an iarratas laistigh de 30 lá oibre ón iarratas comhlánaithe a fháil nó, i gcás inarb infheidhme, ón aistriúchán ar an iarratas sin a fháil.	Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach, cuirfidh an Coimisiún i gcrích a mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh ag an iarratas laistigh de 30 lá oibre ón iarratas comhlánaithe a fháil nó, i gcás inarb infheidhme, ón aistriúchán ar an iarratas sin a fháil. ***Áireofar sa mheasúnú sin achoimre ar leordmhaitheas an phróisis comhairliúcháin agus na mbeart oiliúna atá beartaithe.***

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 10 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas:	10. Beidh iarratas ***bunaithe ar theimpléid láraithe agus*** beidh an fhaisnéis seo a leanas ***ann***:

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 10 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) sainaithint an fhiontair lena mbaineann;	(a) sainaithint an fhiontair lena mbaineann***, agus, más infheidhme, sainaithint aon soláthróra nó aon úsáideora iartheachtaigh lena mbaineann;***

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a –mír 10 – pointe ca (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) más infheidhme, anailís réasúnaithe arna soláthar ag soláthróirí nó ag úsáideoirí iartheachtacha ina sonraítear an nasc díreach agus cúisíoch idir na cuideachtaí a áirítear san iarratas comhchoiteann, lena n-áirítear an nasc idir na príomhphoist a ndéanann an iomarcaíocht difear dóibh agus na poist sin lena soláthraithe nó lena n-úsáideoirí iartheachtacha a ndéantar difear dóibh léi;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 8a – mír 10 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) deimhniú gur chomhlíon an fiontar a oibleagáidí dlíthiúla nó a chomhaontuithe comhchoiteanna lena rialaítear na hiomarcaíochtaí réamh-mheasta sin agus go leanann sé dá gcomhlíonadh agus go bhfuil sé ag soláthar dá oibrithe dá réir sin, agus tuairisc ar na nósanna imeachta a lean an fiontar chun dul i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe;	(d) deimhniú gur chomhlíon an fiontar a oibleagáidí dlíthiúla nó a chomhaontuithe comhchoiteanna lena rialaítear na hiomarcaíochtaí réamh-mheasta sin agus go leanann sé dá gcomhlíonadh agus go bhfuil sé ag soláthar dá oibrithe dá réir sin, agus tuairisc ar na nósanna imeachta a lean an fiontar chun dul i gcomhairle leis na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe ***le linn an phróisis iomláin, lena n-áirítear le linn bhunú an phacáiste chomhordaithe;***

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Rialachán (AE) 2021/691
Airteagal 22 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Seolfar suirbhé ar na tairbhithe le linn an séú mí tar éis dheireadh gach tréimhse cur chun feidhme. Beidh an suirbhé ar na tairbhithe ar oscailt le haghaidh rannpháirtíochta ar feadh 4 sheachtaine ar a laghad. Déanfaidh na Ballstáit an suirbhé ar na tairbhithe a dháileadh ar na tairbhithe, seolfaidh siad amach meabhrúchán amháin ar a laghad agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin dáileadh agus faoin meabhrúchán a seoladh. I gcásanna a bhaineann le cúnamh arna chur chun feidhme ag fiontar le haghaidh tairbhithe faoi Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), tá an fiontar sin freagrach as an suirbhé arna ullmhú ag an	4. Seolfar suirbhé ar na tairbhithe le linn an séú mí tar éis dheireadh gach tréimhse cur chun feidhme. Beidh an suirbhé ar na tairbhithe ar oscailt le haghaidh rannpháirtíochta ar feadh 4 sheachtaine ar a laghad. Déanfaidh na Ballstáit an suirbhé ar na tairbhithe a dháileadh ar na tairbhithe, seolfaidh siad amach meabhrúchán amháin ar a laghad agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin dáileadh agus faoin meabhrúchán a seoladh. I gcásanna a bhaineann le cúnamh arna chur chun feidhme ag fiontar le haghaidh tairbhithe faoi Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (c), tá an fiontar sin freagrach as an suirbhé arna ullmhú ag an

gCoimisiún a dháileadh ar na hoibrithe a ghlac páirt sna bearta. Déanfaidh an Coimisiún na freagairtí ar na suirbhéanna ar na tairbhithe a thiomsú agus a anailísiú ar mhaithe lena n-úsáid i meastóireachtaí amach anseo.	gCoimisiún a dháileadh ar na hoibrithe ***agus ar ionadaithe na bhfostaithe*** a ghlac páirt sna bearta. Déanfaidh an Coimisiún na freagairtí ar na suirbhéanna ar na tairbhithe a thiomsú agus a anailísiú ar mhaithe lena n-úsáid i meastóireachtaí amach anseo.
	Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Faoi láthair, is ciste éigeandála é an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) atá le húsáid chun tacú le hoibrithe iomarcacha a chaill a bpost mar gheall ar chlaochluithe struchtúracha eacnamaíocha. Leis an tacaíocht sin, cuirtear ar chumas na n-oibrithe is leochailí a chailleann a bpost i dteagmhais athstruchtúraithe ar mhórscála fostaíocht nua a fháil a luaithe is féidir. Mar sin féin, is féidir leis an athrú ar shamhlacha táirgthe a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas araon méadú breise a chur ar mhéid na bpróiseas athstruchtúrúcháin. Méadaíonn sé sin an brú ar chuideachtaí ar gá dóibh infheistíocht a dhéanamh sna haistrithe sin cheana féin. Ag an am céanna, le forbairtí trádála idirnáisiúnta cuireadh brú breise ar ár gcuideachtaí Eorpacha, a bhféadfadh sé go mbeadh orthu an t-eagrú oibríochtúil a athrú mar gheall air sin.

Ar na cúiseanna sin agus chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais Eorpaigh agus poist Eorpacha araon a chosaint, ba cheart dúnadh fiontar agus iomarcaíochtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta freisin faoin CED tacaíocht réamhghníomhach, shonrach agus spriocdhírithe a thabhairt d'oibrithe i gcuideachtaí a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu. Leis an tacaíocht sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas oibrithe fostaíocht nua a fháil sa chuideachta chéanna ach i bhfeidhm nua, nó fostaíocht a fháil i gcuideachta eile. Trí oibrithe oilte a choinneáil, féadtar tacú le cuideachtaí a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu leanúint dá ngníomhaíochtaí Eorpacha.

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé tacaíocht ón CED a ailíniú le spriocanna straitéiseacha níos leithne an Aontais, ní mór a áirithiú leis an Rialachán seo go dtabharfar an tacaíocht ón CED atá ar fáil do chuideachtaí a dhéanann an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas araon a neartú lena bpróiseas athstruchtúrúcháin agus go dtabharfar tacaíocht do na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh. Leis sin, déanfar ról an Chiste maidir le nuálaíocht inbhuanaithe agus forbairt scileanna a chur chun cinn. Cosnaítear, leis sin, úsáid na gcistí poiblí agus áirithítear ní hamháin go mbeidh CED ina uirlis mhaolúcháin ach go mbeidh sé ina uirlis chlaochlaithe freisin.

Mar cheann de na nithe breise is suntasaí, tugtar isteach incháilitheacht d'oibrithe le soláthróirí díreacha agus le húsáideoirí iartheachtacha fiontar a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh orthu, toisc go gcumhdaítear iad freisin leis an tacaíocht ón CED reatha. Léirítear leis sin an t-idirspleáchas casta laistigh de luachshlabhraí nua-aimseartha agus aithnítear leis gur minic a bhíonn tionchar ag iarmhairtí an athstruchtúrúcháin ar i bhfad níos mó ná ar an bpríomhfhiontar amháin. Chun cuntasacht a choinneáil ar bun agus idirghabháil spriocdhírithe a áirithiú, éilítear leis na nithe breise cruthúnas ar nasc cúisíoch léirithe idir na hoibrithe sin agus an príomhtheagmhas athstruchtúrúcháin.

Chun a áirithiú go mbeidh na pacáistí spriocdhírithe deartha go sonrach do na hoibrithe a ndéanann iomarcaíocht atá ar tí tarlú difear dóibh, tá rannpháirtíocht luath fhóinteach na n-oibrithe agus a n-ionadaithe ríthábhachtach. Dá bhrí sin, ba cheart go dtabharfaí urraim don reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an idirphlé sóisialta le linn an phróisis iomláin. Leis na leasuithe, cuirtear trédhearcacht agus cothroime chun cinn le linn athstruchtúrúcháin agus cosnaítear leo cearta oibrithe maidir le páirt a ghlacadh i gcinntí a dhéanann difear dá dtodhchaí. Moltar sa dréacht freisin ról feabhsaithe do na comhpháirtithe sóisialta maidir leis na pacáistí tacaíochta comhordaithe a dhearadh, lena n-áiritheofar go

mbeidh bearta oiliúna agus uas-scilithe saincheaptha, éifeachtach agus ábhartha do mhargaí saothair réigiúnacha.

Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar chuideachtaí araon a laghdú, moltar leis na nithe breise úsáid a bhaint as teimpléid chaighdeánaithe, treoir láraithe agus soiléireacht mhéadaithe i ndáil le rialacha maidir leis an Státchabhair.
Go hachomair, freagraíonn na nithe breise sin ar chineál athraitheach na hiomarcaíochta agus ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais. Is é is aidhm dóibh CED a dhéanamh níos cuimsithí, níos dírithe ar an todhchaí agus níos comhtháite le beartas sóisialta agus tionsclaíoch an Aontais, lena n-áiritheofar go leanfaidh sé de bheith ina shásra ríthábhachtach chun tacú le hoibrithe atá i mbun aistriú.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
European Trade Union Confederation
ACV-CSC
Business Europe
VBO-FEB
IndustriAll - European Trade Union
European Economic & Social Committee

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.